


## Sonraí agus seans: Sonraí – Moltaí don teagasc





### MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Tarraing aird ar shamplaí de bhailiú sonraí agus a ról inár saol laethúil, go háirithe maidir le tionchar a imirt ar ár roghanna.
- Fiosraigh an chaoi a mbaineann daoine úsáid as sonraí i réimsí éagsúla agus conas a fheabhsaíonn sé seo an bealach a mairimid agus a n-oibrímid ar fud an domhain.
- Spreag na páistí obair a dhéanamh le chéile i leith tascanna sonraí, ag roinnt agus ag scagadh a gcuid smaointe le chéile.

### SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Cuir comhthéacsanna bríocha ar fáil do ghníomhaíochtaí láimhseála sonraí trí úsáid a bhaint as smaointe atá lárnach i saol agus spéiseanna na bpáistí.
- Cinntigh go mbíonn deiseanna ag páistí a gcuid smaointe féin a chur le chéile agus a bheachtú le haghaidh fiosrúcháin sonraí.
- Úsáid scóir chun cuntas a choinneáil ar chluichí na bpáistí.





### TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Úsáid timthriall láimhseála sonraí timthriallach i gcás páistí a bhfuil castacht mhéadaithe acu.
- Bíodh do pháiste páirteach maidir le réimse leathan léirithe sonraí a phlé agus tabhair dúshlán dóibh ciall a bhaint astu.
- Fiosraigh an ról atá ag sonraí i bpleanáil do chúrsaí miondíola agus do ghnóthaí eile, seirbhísí poiblí, srl.

### BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Cuir dúshlán roimh na páistí agus tacair á sórtáil agat chun sórtáil a dhéanamh do réimse tréithe agus léirigh na roghanna sórtála seo.
- Tabhair saoirse do na páistí uirlisí bailithe sonraí a dhearadh agus samhail chúí a roghnú chun sonraí a léiriú.
- Úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus a léiriú, go háirithe le tacair mhóra sonraí.



### MATA-CHAIANT A CHUR CHUN CINN

- Éascaigh ‘comhrá sonraí’ trí na páistí a spreagadh chun breathnú go géar ar thacair sonraí ag baint úsáid as fréamhacha d’abairt amhail ‘ní fheadar...’
- Cinntigh go mbíonn neart deiseanna ag na páistí chun anailís agus plé a dhéanamh ar thacair sonraí.
- Spreag na páistí chun ceisteanna a cheapadh agus a chur bunaithe ar cheisteanna nó smaointe a bhaineann lena saolta féin.